# Heipitíteas B

## An féidir go bhfuil mé i gcontúirt?



# Clár


| | Leathanach |
|---|---|
| Cad é heipitíteas B? | 2 |
| Conas is féidir heipitíteas B a bheith orm? | 3 |
| Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil an víreas orm? | 5 |
| Cad é a tharlóidh má tá torthaí na tástála diúltach? | 5 |
| Cad é a tharlóidh má tá torthaí na tástála deimhneach? | 6 |
| Conas is féidir liom Heipitíteas B a sheachaint nó gan an víreas a thabhairt do dhuine eile má tá sé orm cheana féin? | 6 |
| Eolas agus Taca | 7 |


## Cad é heipitíteas B?

Is víreas é Heipitíteas B a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don ae. Féadann sé tinneas géar (gearrthéarmach) nó ainsealach (fadtéarmach) a chruthú. Tá vacsaín ann a chosnaíonn ar heipitíteas B agus ba cheart duit an vacsaín sin a fháil má tá tú i gontúirt an galar a fháil.

## Conas is féidir Heipitíteas B a bheith orm?

Bíonn Heipitíteas B san fhuil agus i sreabháin choirp eile an duine atá ionfhabhtaithe. Is féidir é a thabhairt do dhuine eile fiú má bhíonn teagmháil le méideanna an-bheag fola. Ní féidir é a ghabháil trí ghnáth-theagmháil laethúil amhail lámha a chroitheadh, barróg nó póg a thabhairt do dhuine, nó trí leithris, soithí nó uirlisí cistine a roinnt tar éis gnáth-ghlanadh.

## Géarheipitíteas B

D'fhéadfadh le géar-ionfhabhtú a bheith ina chúis tinnis amhail fliú atá chomh héadrom sin nach bhfuil a fhios ag daoine go bhfuil ionfhabhtú Heipitíteas B orthu. Beidh tinneas níos déine ar roinnt daoine agus an galar buí orthu (dath buí ag teacht ar chraiceann agus gealacán na súl), agus beidh a fhios acu go bhfuil ionfhabhtú orthu. Bíonn fuil dhaoine a bhfuil Géarheiopitíteas B orthu an-tógálach. De ghnáth is féidir géarionfhabhtú a leigheas gan aon fhadhbanna fhadtéarmacha.

Scaiptear an chuid is mó ghéarionfabhtuithe sa RA, san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh trí ghníomhaíocht ghnéis, go háirithe nuair nach n-úsáidtear coiscín. Fir a bhíonn gnéas acu le fir, fir nó mná a bhíonn an iliomad pairtnéirí gnéis acu, daoine a bhfuil pairtnéir nua acu i dtíortha ardriosca agus oibrithe gnéis is mó a bhíonn i gcontúirt.

I measc bealaí eile teagmháil a dhéanamh leis an ghalar tá:

- uirlisí a roinnt le drugaí a instealladh;
- úsáid a bhaint as trealamh nár steiriliódh faoi choinne tatuála, pollta, snáthaidphollta nó cóir leighis nó fiacla, (is amhlaidh is mó an riosca é seo lasmuigh den AE);
- scuaba fiacla, rasúir agus nithe pearsanta eile a roinnt;
- instealladh fola nó tairgí fola a fháil. Déantar gach tairge fola a mhionscagadh san AE ach i dtíortha nach ndéantar fuil a mhionscagadh iontu, d'fhéadfadh sin a bheith ina chúis ionfhabhtaithe.

## Géarheipitíteas B

Mura nglanann an corp an t-ionfhabhtú géar, d'fhéadfadh an galar bheith ainsealach agus ina chúis damáiste ae fadtéarmach. Is dóichí go dtarlódh seo má fhaightear heipitíteas B le linn óige. Tá daoine a bhfuil géarheipitíteas B orthu go fóill ionfhabhtaíoch.

Chaith bunús na ndaoine i dTuaisceart Éireann a bhfuil géarheipitíteas B orthu seal ina gcónaí i dtír ina bhfuil heipitíteas B coitianta (lena n-áirítear tíortha na hÁise, na hAfraice, Mheiriceá Theas agus roinnt tíortha de chuid Oirthear na hEorpa) ach beidh roinnt daoine a fuair géarionfhabhtú san AE agus nár ghlan é.

I measc na mbealaí chun heipitíteas B a fháil i dtíortha ina bhfuil an víreas coitianta tá:

- ag am breithe agus géarheipitíteas B ar an mháthair (seo an bealach is coitianta);
- le linn óige, mar gheall ar theagmháil le fuil tar éis

mionghortuithe nó sa bhaile, mar shampla trí scuaba fiacla a roinnt;
- mar gheall ar aon ghnáthamh nuair a úsáidtear aon trealaimh neamhsteirilithe amhail tatuáil, polladh, snáthaidpholladh nó cóir leighis nó fiacla.

Fosta, ceann ar bith de na rioscaí liostaithe maidir le heipitíteas B.

## Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil an víreas orm?

Má shíleann tú go bhféadfadh sé go raibh tú i dteagmháil le heipitíteas B san am atá cáite, is féidir leat tástáil shimplí fola a fháil. Is féidir le do dhochtúir teaghlaigh sin a dhéanamh. Fosta, tairgtear tástáil do gach bean thorrach ionas gur féidir an leanbh a chosaint le vacsaíniú ar uair a bhreithe má tá heipitíteas B ar an mháthair.

Má tá imní ort faoi ionfhabhtú gnéas-tarchurtha, lena n-áirítear heipitíteas B, is féidir leat comhairle, vacsaíniú agus tástáil a fháil ag clinic leighis úraiginitiúil.

Má tá tú i gcontúirt heipitíteas B a ghabháil, b'fhéidir gur mhaith leat do mhachnamh a dhéanamh ar cheart duit tástáil a fháil maidir le víris eile amhail heipitíteas C agus VEID chomh maith.

## Cad é a tharlóidh má tá torthaí na tastála diúltach?

Is dócha go gciallaíonn sin nach raibh tú i dteagmháil leis an víreas heipitíteas B.  Mar sin féin, d'fhéadfadh an corp tréimhse

sé mhí a ghlacadh le freagairt don víreas, mar sin de má bhí tú i gcontúirt, is féidir go mbeidh tástáil eile de dhíth ort. Má tá tú go fóill i gcontúirt heipitíteas B a ghabháil, ba chóir duit vacsaíniú a fháil.

## Cad é a tharlóidh má tá torthaí na tastála dearfach?

Inseoidh an dochtúir atá ag tabhairt aire duit cad é is gá duit a dhéanamh Is féidir go gcuirfidh sé/sí tú chuig speisialtóir agus is féidir go mbeidh cóir leighis de dhíth ort le tú a choinneáil sláintiúil. Má ólann tú alcól ba cheart duit teorainn a chur leis, nó níos fearr arís, éirigh as go hiomlán.  Ba chóir duit na céimeanna thíos a ghlacadh chun contúirt an t-ionfhabhtú a thabhairt do dhuine éigin eile a sheachaint.

## Conas is féidir liom heipitíteas B a sheachaint nó a thabhairt do dhuine eile má tá sé orm cheana féin?

- Má bhí tú i gcontúirt, faigh tástáil agus má tá tú go fóill i gcontúirt, faigh vacsaíniú.
- Ná roinntear scuaba fiacla, rasúir, fáinní cluaise ná aon trealmh eile a d'fhéadfadh bheith i dteagmháil le fuil nó sreabháin choirp, mar shampla siosúr nó pionsiúrín.
- Bíodh gníomhíocht ghnéasach níos sláintiúla agat -cuir teorainn le líon na bpáirtnéirí a bhíonn agat, déan cinnte go bhfuair gach páirtnéir vacsaíniú agus bain úsáid as coiscín.

- Bí cinnte go bhfuil gach gléas a úsáidtear le haghaidh tatuála, pollta nó snatháidphollta steirilithe, agus go háirithe bí cúramach má tá tú ag smaoineamh ar aon cheann de na gnásanna sin agus tú thar sáile.
- Má dhéanann tú drugaí a instealladh, ná roinn trealamh in am ar bith.

## Eolas agus Taca

Má tá aon cheist agat, is féidir leat labhairt le do dhochtúir nó banaltra teaghlaigh.

Soláthraítear comhairle rúnda i gclinicí Shláinte Ghnéis/Leigheas Úraiginitiúla (GUM)Tabhair cuairt ar
www.sexualhealthni.info/gum-clinics-northern-ireland
le huaireanta oibre agus mionsonraí teagmhála do chlinic shláinte ghnéis/GUM a amsiú.

Soláthraíonn Líonra Cliniciúil Bainistithe Heipitíteas B agus C Thuaisceart Éireann eolas faoi heipitíteas B agus C
www.hepbandcni.net

Tairgeann Grúpa Tacaíochta Ae an RVH taca dóibh siúd i dTuaisceart Éireann a bhfuil galar ae orthu agus is grúpa neamhspléach é atá ina bhall den Brtish Liver Trust
www.rvhliversupportgroup.org

Soláthraíonn an British Liver Trust eolas faoi gach cineál ghalair ae. Líne chabhrach: 0800 652 7330, 10.00am-3.00pm, Luan-Aoine)
www.britishlivertrust.org.uk

Tá an bileog eolais seo ar fáil i dteangacha eile i bhfoirm PDF ag:

**www.publichealth.hscni.net**

HSC Public Health Agency

hep B C
Northern Ireland Hepatitis B & C Managed Clinical Network

Public Health Agency
12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.
Tel.: 0300 555 0114
www.publichealth.hscni.net

Hepatitis B. Could I be at risk? - Irish

04/18